

MAC RÍ NA HURTÚ (HIORUAIDHE)

Bhí an Rí ann agus bhí chuile rud dhá fheabhas aige san Urthú é fhéin agus a bhanrioghan. Bhí mac is ingean aige agus iad ina dá bpaisde an mac cupla bliadhain agus an ingean bliadhain no mar sin agus í ina paisde. Bhí sé dhá bhochtadh anuas ansoin go raibh sé sa deire mar bheadh fear oibre a bith amuigh ag iarraidh a bheatha a shaortú. Ach lá bhí sé amuigh tháinig fear beag chomh fada leis. "Céurd tá tú dheanamh " adeir sé "shíl mé gur Rí thú" adeir sé "seadh" adeir sé "ach bochtuigheadh anuas mé agus caithfidh mé obair a dheanamh anois níl sórt faghaltas a bith a'm le go bhféudfhainn fear a' bith a chur ag obair mar bhí cleachtadh a'm. "Boil céurd a thiubhrfhá dhomsa " adeir sé "dá ndeanfhainn thú chomh saidhbhir is bhí tú ariamh. "Níl sórt rud a' bith a'm le tabhairt dhuit" adeir sé. "Deanfhaidh mise thú chomh saidhbhir is bhí tú riamh" adeir sé "má thugann tú dhom an chéud rud a chasfair dhuit nuair a ghabhffhas tú abhaile". Deanfhaidh sin" adeir a Rí "taiubhrfadh."

Bhí gadhar ag a Rí agus ansoin agus sé'n chéud rud a thagadh roimhe a gconuidhe é agus shíl sé go b'é an chéud rud a thiochfadh roimhe é agus ní raibh suim a bith aige mar sin an chéud rud thiochfadh roimhe a thabhairt uaidh. Ach nuair a bhí sé a teacht ag a teach agus é a súil go dtiochfadh a gadhar roimhe a gconnuidhe ní raibh sé a teacht agus ní raibh aon rud a teacht roimhe go raibh sé bhfoisgeach cupla coisméig dhom teach agus d'eirigh an mac amach roimhe agus rug sé ar usgadhaibh air agus é ina pháisde. Bhí craoidhe an Rí briste ansoin agus cheap sé go ma aisteach an rud aige le deanamh é. Bhíodh sé uaireannta ansoin agus nuair nach raibh an fear seo a teacht shílffheadh sé gur duine eicint a bhí a teacht a magadh faoi é. Faoi dheire ansoin rinne sé neamh shuim faoi.

Faoi cheann leath bhliadhain ansoin tháinig sé isteach lá agus chuaidh sé isteach sa seomra ba mhú a bhí aige agus fuair sé lán le ór é. Níor fhan hamp a' bith ann annsoin, bhuail faitchios é. Tháinig an fear chomh fada leis ansoin. "Caithfidh tú an mac a thabhairt dhom sa" adeir sé. "Cé'n uair a chaitheas mé é thabhairt dhuit" adeir a Rí "Ní thiubhrfhaidh mé uait é" adeir sé "go mbeidh sé ina fhear agus beidh sé ina fhear chomh maithis bheas faoi'n domhan nuair a bheas sé dhá bhliadhain déag. D'ímtigh leis ansoin agus bhí an Rí ag eirigh suas aríst agus bhí an mac ag eirigh suas ina fhear bhreagh. Nuair a bhí an mac bhfoisgeach leath bhliadhain do na dá bhliadhainn déug thosuigh an Rí ag briseadh croidhe agus d'fhiarruigh an mac dhe céurd a bhí air. Dinnis an Rí dhó. "Ní ghabhfhaidh mise leis" adeir sé. "Caithfidh tú" adeir a Rí "caithfidh mise thú thabhairt dho.

"Dean soitheach dhom sa" adeir sé "agus imtigheóchaidh mé". D'ímtigh leis agus rinne sé an soitheach agus nuair a bhí sí gléasta suas le dul ina fairrige b'é lá'r na bháireach lá cáirde an fhir bhig le theacht. Dimtigh leis ar maidin an lae sin go moch ar maidin dhá mothaigh

dhá'r eirigh an lá is mothigh na sin a d'ímtigh an mac ina shoitheach. Ní raibh ann ach go raibh sé imtighthe nuair a thainig an fear beag. "Cáil do mhac" adeir sé. "Tá sé imtighthe" adeir a Rí. "Boil báithfhidh mise an soitheach" adeir a fear agus gaibh amach go bhfeichfidh tú mé gá báthadh. Thug sé amach an Rí agus dubhairt sé go mbáithfheadh sé an soitheach "cuirfidh mise pian an do chroidh" adeir sé nuair nar choinnuigh tú an mac dhom." Ar a bpointe boise agus dubhairt sé é seo chonnaic an Rí an soitheach a dhul síos faoi'n bhfarrige.

Bhí an mac a seoladh leis a gcomhnuidhe ach shíl a tathair go raibh sé báithte. "Anois" adeir a fear "Ta an mac imtighthe uaitse agus bhí sé chomh maith dhuit é thabhairt dhom agus is cuma liomsa é ach é bheith imtighthe uaitse." Níor stop a soitheach ariamh ach ag imteacht leis an oiread siubhail go raibh an fhairrige troigh as a cionn. Ní raibh fhios aige cá raibh sé a dul ach é dhá coinghbhéal díreach go dtáinig sé i gcéibh i dTír na nGealt. D'eirigh sé amach as 'a soitheach ansoin. Thainig sé isteach i gcúirt bhreagh. D'eirigh bean an'ar as a seomra agus chuir sí céud míle fáilte roimhe mhac Rí na hUrthú "agus is fada mé a fanacht leat" adeir sí "le dhá bhliadhain déug. Nuair a dubhairt sí a méid sin leag sí anuas bord dhá fheabhas dhe rud a bith a bhféudfadh fear a' bith suidhe isteach aige.

Nuair a bhí a béilí ithte aige. "Caithfidh tú an chúirt seo a fhaire anocht" adeir sí agus san oidhche a mbáireach agus san oidhche arú a mbáireach agus sin é an uair a dféudfas mise thú phósadh, tá mise faoi dhroidheacht. Ní mór dhuit a bheith in tfear mhaith ach cheap mise nach raibh fear a bith faoi'n domhan chomh maith leat. Gheobhfaidh tú an oidhche anocht réidh go leór ach an dá oidhche eile beidh tú níos dona ach bféidir go mbéurfhainn beo ar maidhi ort." Nuair a bhí leath na hoidhche caithte tháinig seisear bodachaí móra isteach agus a gcuid airm acab agus thosuigh siad a' gabhail air agus thosuigh sé a' gabhail orthab. Ní mórán tríála a' bith a thug sé dhóibh gur mharbhuigh sé an seisear. Nuair a tháinig a bhean la'r na bháireach má bhí geara ná lot a' bith air chumil sí uisge leigheas de gur leigheas sí é. "Boil anois" adeir sí "ní mór dhuit oibriughadh go maith anocht. Ní ort aréir ach seisear ach beidh dhá fhear déug anocht ort." D'ímtigh leis agus chuaigh sé a faire. Ní mórán achair go dtáinig an dá fhear déug agus d'ionnsuigh siad é agus d'ionnsuigh sé iad. Ach is amhlaidh a bhí sé níor thug sé mórán tríail a' bith dhóibh go raibh na dá fhear déug marbh aige. Nuair a tháinig sise lá'r na bhaireach bhí na da fhear déug marbh aige. Chuir sí an tuisge leigheas air aríst gur leigheas sí má bhí lot a' bith ná sgríoba air. "Tá tú dhul a faire anocht" adeir sí agus béidir go mbéurfhainn beo ort anocht agus ní múide go mbéarfhainn, tiocfhaidh cheithre feara fichead chomh fada leat anocht."

D'ímtigh leis agus tháinig na cheithre feara fichead chomh fada leis agus d'ionnsuigh siad sé iad. Bhí trí feara fichead acab marbh luath go maith aige agus bhí sé fhéin agus an fear eile le chéile agus má bhí fhéin san aimsir dheire bhí an fear a faghail an bhuaidheactháil air. Tháinig an fear beag chomh fada leis. "Tarraing do sgian as do phóca" adeir sé "agus sáith é." Tharraing sé an sgian agus ar a bpointe agus a leag sé ar í thuit sé marbh. Bhí an fear marbh aige ansoin ach bhí sé fhéin i ngar dhá bheith marbh freisin bhí deire a chuid fola i ngar dhá bheith tarringte. Thuit sé anuas agus é a tabhairt na fola. Tháinig an bhean agus iochshlainnte agus leigheas sí é. Phós siad ansoin agus ba é an Ríar Thír na nGealt é mar ba ise ingean Rí Thír na nGealt.

Nuair a bhí sé chúig bhliadhna pósta bhí mac trí bliadhna aige agus níor cuimnigh sé ar an mbaile ariamh go dtí sin. Dubhairt sé go dtiochfadh sé abhaile. "Ní bheidh mórán fáilte sa mbaile romhat" adeir sí "mar ní chreidhfhidh siad gur tú tá ann cor a' bith." "Is cuma liom" adeir sé ba mhaith liom a bheith sa mbaile. "cuirfidh mise ann thú" adeir sí. Tharraing sí amach fáinne. "Ar a bpointe boise agus a mbeidh an fáinne seo ar do mhéir" adeir sí beidh tú sa mbaile ach seachain a niompá an fáinne ar do mhéir mar ar beidh mise agus an páisde san áit a mbeidh tú agus bfearr liom bás fhaghail ná bheith ann. Nuair a bheas do chuairt deanta a'd féudhfaidh tú a theacht ar ais ach na ionntuigh an fáinne ormsa." Chuir sí an fainne ar a mhéir agus ar a bpointe boise bhí sé ag cúirt athar. Dfhiarrfhaigh an tathair de cé bhí ann. Cé nach naituigheann tú do mhac" adeir sé. "Tuige a naituigheann" adeir a tathair fear a bathadh. "Raibh aon mharc agaibh ar a mac" adeir sé. Bhí adeir an mhathair "ball doráin as cionn a ghlúine" "tá sé sin oramsa" adeir sé. Spáin sé dhóib é. Ní raibh aon mhaith ann. "Ní tú mo mhac" adeir a tathair. Chonnaic mise an soitheach agá báitheadh. Mar a nimteóchaidh tú geobhfaidh mé na gardaí go dtóigfidh siad tú is go gcuirfidh siad sa bpríosún tú séurd tá ionat robálach atá ag iarraidh mé robáil."

"Tá mé pósta" adeir sé "agus tá mac trí bliadhana a'm agus ná'r mhaith libh é" adeir sé "spáinfhidh mé dhíb iad." "Spáin" adeir a mháthair. Bhí an bhean ann ar a bpointe agus í as a ciall faoi í thabhairt ann. Dfág an tathair istigh iad an oidhche sin ar éigin agus marach a' mháthair ní fhághadh.

Nuair a chuaidh siad amach sa mbaile mór lár na bháireach agus gur shiubhail siad a baile mór go raibh píosa de'n lá ann. Shiubhail siad amach as agus tháinig siad isteach i bpairc agus shuidh siad síos agus leag sé a chloigeann ina hucht agus thuit sé ina chodhladh agus nuair a dhúisigh sé bhí a bhean agus a mhac agus a fáinne imtighthe. Thosuigh sé a caoineachán agus gan bealach aige le imtheach. Dubhairt sé ansoin nach dtaobhóchaidh sé an tathair níos mú. D'imtigh sé leis agus bhí sé ag imteacht go raibh deamhain agus deire an lae a teacht. Casadh isteach i dteach é agus bhí triúr feairíní istigh roimhe ina suidhe ar chathaoireacha agus bhí ceathar eile ann. Chuireadar failte roimhe ina ainm leagadar anuas bord bidh agus dighe aige.

Nuair abhi sé sin caite aige dfiurrugheadar dhe cá raibh a thriall na a thairringt. D'innis sé dhóib. "Ní raibh ceart a' bith a'd sa a theacht as an áit a raibh tú" adeir duine acab. "Ní ceart a bith a'd a theacht chomh fada leis a bhfear sin nach raibh fhios gur ceannuigheadh uaidh thú. Níl mise i ndon tada dheanamh dhuit níos mú" adeir sé. Rinne mé rud maith cheana dhuit. Chheannuigh mé uaidh tathair thú agus chuir mé san áit a bhfearr faoi'n domhan thú." "Níl mise i ndon aon bhlas a dheanamh dhuit" adeir fear eile. "Rinne mé rud maith cheanna dhuit. Nuair a bhí tú i ngar dhá bheith marbh tháinig mise agus dubhairt mé leat an sgian a thairringt agus ar ndoigh ní tusa a sháith é ach mise." "Tá mise i ndon thú a fhágáil an áit" adeir a fear "ach ní san áit a raibh tú cheanna é. Codail anocht agus beidh tú a mbáireach i gCnoc an Airgid an áit a bhfuil triúr fathaigh. Tiochfadh siad sin chomh fada leat agus ní bheidh aon mheas acab ort ach an oiread le páisde. Agus déarfadh siad go níosfadh siad thú. Agus abair thusa nach níosfadh agus nach nólfaidh go dtroidfid siad thú ach gan iad a theach ort ach ina nduine aonraic. Tá clóca ag duine acab agus sé nósa dtiochfadh sib

a caruigheacht agus tiubhrfhaidh sé an clóca faoi dheireadh dhuit agus nuair a chuirfeas tú an clóca sin ort níl aon áit dá mbeidh tú ag iarraidh a dhul nach dtiocfadh tú.

Gabhfhaidh tú a carruigheacht leis an darna fathach ansoin agus tiubhrfhaidh sé-sin sleagh dhuit agus níl aon dhuine dha mbeidh sí aige nach mbeidh i ndan an domhan a mharbhughadh. Agus gabhfhaidh tú a carruigheacht leis a triomhadh fathach agus tabhrfhaidh sé sin hata dhuit agus nuair a chuirfeas tú ort an hata sin beidh tú i ndon a dhul isteach an ait a' bith gan duine a bith go do fheiceáil. Nuair a bheas tú ag imteacht uaidh na fathaigh déarfhaidh siad leat áit a bith go deó a dteastóchaidh siad uait go dtiocfadh siad a'd.

Nuair a d'eirigh sé ar maidin bhí sé i gCnoc an Airgid. Bhí sé a siubhal an chnoic leis agus sgearr go bhfaca sé na triúr fathaigh mhóra mhillteacha a teacht. Tháinig siad "fú fá fiasóg" adeir siad "fágann muid bolaith fir agus iosfhaidh muid é." "Íosfhaidh mise é" adeir a' cheud dhuine acab. "Íosfhaidh mise é" adeir a dárna duine. "Ní iosfhaidh ceartar agaibh é" adeir a triomhadh fear ach sluighfidh mise é." "Ní iosfhaidh ceartar agaibh mise" adeir sé "ach tugaí cothram fir dhom, ná teighfheadh orm ach duine agaibh san iarra." "Ní ghabhfhaidh" adeir a chéud fhear "gabhfhaidh mise leat. Cé's fearr leat a carruigheacht ar leacreacha dearga ná a gabhail dhe sgeana glasa i mbolg easnachaibh a chéile." "Is fearr liom a carruigheacht ar leacreacha dearga san ait a mbeidh mo chosa míne fíor uaisle ag eirigh an uachtar agus do chraga móra mí-stúma a gabhail an iochtar." Chuaidh siad ansoin laimh an iochtar, laimh an uachtar láimh an uaisle charruigheacht. Ní raibh aon fhear ó Thiordáin go hUaradáin a thiochfhadh a breathnughadh ar ghaisge cath ná cruaidh chomhraic nach orrthabh a chóir a theacht a breathnughadh.

Dheanfhad siad bogán dhe'n chruadán agus cruadhán dhe'n bhogán a tarraingt toibreacha fíor uisge thrí lár na gclocha glasa le neart treabhadh agus tiomáint. Thug sé cor dhon fhathach agus chuir sé go glúinibh é an darna corr go basta an triomadh corr go meall a bhrádaigh. "Talamh as do chionn a bhodaogh" adeir sé. "Creidim go b'eadh" adeir a fathach. Tiubhrfhaidh mé mo each caol dubh dhuit a bhéarfhas ar an ngaoth a bheas roimpi sul dhá mbéarfhaidh an ghaoth a bheas ina diaidh uirthi, agus an poitín íocslainnte, an claimhe soluis, an tslaitín dhraoidheachta agus fáinne na hóige, agus tiubhrfhaidh tú ceath ranadh m'anama dhom." "Níl mé dhul dho do mharbhughadh chor a' bith" adeir sé. "Agus bronfhaidh mé suas an méid sin uilig ort. Ach tá rud eicint eile a'd a thiubhrfhas tú dhom tá clóca a'd. "Nach maith a bhí fhios a'd é "adeir a fathach "tá droidheacht a'd." Marach go bhfuil" adeir seisean "ní bheinn i ndon ad sa."

"D'ionnsuigh fathach na sleagh ansoin é agus d'ionnsuigh siad fhéin a chéile gur chuir sé ialach ar a' bhfathach an tsleagh a thabhairt dhó. Nuair a bhí an tsleagh aige ansoin chuaidh an fathach eile ag a throid agus bhain sé an hata de sin. Nuair a bhí an clóca agus an tsleagh agus an hata aige ansoin thug na fathaigh na trí fháinne dhó agus dubhairt siad leis aon lá go dteo a mbeadh cath na cruaidh comhrac air nach raibh air ach na fainní a ionnthusgadh ar a mhéar agus go mbeadh siad fhéin aige. Bhí na fathaigh aige ansoin mar bhí na caib. Ar a bpoinnte boise agus ar chuir sé air a clóca níor stop go ndeachaigh sé go dtí an áit a raibh cúirt aige, an áit a raibh a bhean. Nuair a bhí sé a teacht an aice leis a' gcúirt ní raibh tada le

feiceáil aige ach daoine – mac a’ Rí ba aoirde a bhí faoi’n domhan a bhí a teacht a tabhairt leis an bhean. Bhí an bhainish agá chaitheamh istigh.

Tháinig seisean isteach agus bhí sé ‘sa gcomhlódar agus bhí an hata air agus ní raibh aon fheiceáil air. Chuile uair a chuirí an ghloine ag a mbean le n-ól bhíodh sí ólta aige san agus í leaghta folamh ar an mbord agus ní bhíodh fhios cé d’ólfhadh í. Dubhairt sí ansoin “tá tú istigh an áit eicint. Chuaidh sí chomh fada le na seomra fhéin agus chaith sí i fhéin ar a’ leabaidh. Tháinig sé chomh fada léithi. “Bhí fhios a’m” adeir sí “go raibh tú istigh an áit eicint.” “gabh síos” adeir sé “agus abair leis am bhfear sin atá teacht d’iarraidh imtheacht leis no mar a nimteóchaidh go nimtheóchaid sé agus deifir air. Chuaidh sí síos. Ní imththeóchad” adeir an fear “go dtughfaidh mé thusa liom.” Chuaidh sí suas. Nuair a bhí sí thuas bhí na fáinní iompughthe ar a mhéarachaibh aige agus bhí na fathaigh ann ar a bpointe.

Nuair a tháinigsiad chuir siad amach an méid a bhí ann le aon tséideóig amhain agus nuair a bhí siad amuigh chuir siad séadeóig eile ionntabh agus níl fhios cé’n áit ar imtigh siad. Nior faca aon duine amharc ariamh orrthab. Bhí Sliabh an Óir aige faoi na mhaighistireacht fhéin an fhad is bheadh sé beó aríst agus rud a bith a thiocfadh a triall air bhí na fathaigh aige

27/7/32.